

❁ An Lúibín ❁

12 Lúnasa 2023

Stór focal

Books new and not so new for those with an interest in the resources of modern Irish.

Beatha teanga í a labhairt, a deirtear. Ach chun labhairt nó scríobh le héifeacht ní mór stór focal a bheith agat chun meanma na léitheoirí a chorraí, is cuma cén t-ábhar atá á phlé agat.

Tarraingíodh ár n-aird ar léirmheas le Cathal Póirtéir in *Books Ireland*¹ ar dhá leabhar nua: *Teasáras Gaeilge-Béarla Irish-English Thesaurus* (Garry Bannister, New Island Books), agus *Stórchiste Teasaras Aibítreach na Gaeilge/An alphabetic Thesaurus of Irish* (curtha le chéile ag Nicholas Williams agus curtha in eagar ag Michael Everson, Everytype). Má dhéanann tú focal a chuardach i dteasáras, gheobhaidh tú liosta d'fhocail chomhchosúla. Taighdeoir, scríbhneoir agus craoltóir i nGaeile agus i mBéarla is ea Póirtéir agus an-suim aige in úsáid na bhfocal dá réir.

Luann Póirtéir *Gaoth an Fhocail* (Coiscéim), leabhar le Breandán Ó Doibhlin a bhfuil cosúlacht éigin idir é agus na teasárais nua, cé nach bhfuil sé leath chomh téagartha le teasáras an Bhéarla a chum Roget. Ach tá fáilte ag Póirtéir roimh an dá leabhar nua – 1,000 leathanach agus 600 leathanach faoi seach.

Deir Bannister sa réamhrá gur thionscadal Béarla é an teasáras nach raibh a leithéid le fáil i dteangacha Eorpacha eile, rud a chuir iontas ar an léirmheastóir. Fuair Bannister a chuid ábhair ó fhoclóirí, staidéir chanúna, saothair fhicseanúla agus neamhfhicseanúla, filíocht, béaloideas agus saothar allamuigh. Tá comhchiallaigh ann, cora cainte, seanfhocail, graiméar agus eolas stairiúil agus cultúrtha.

Scoláire mór teangacha Ceilteacha is ea Nicholas Williams agus bhí sé ag múineadh in UCD le blianta fada. (Eisean a chuir *Pairlement Chloinne Tomáis* in eagar.) Tá 12,000 iontráil ina leabhar agus iad leagtha amach in ord aibítreach. Tá boscaí eolais sa dá leabhar faoi cheannteidil éagsúla – aibhneacha, ainmhithe, ceardaithe, tréithe daonna agus eile.

Tá an dá leabhar le moladh, dar le Póirtéir, agus deir sé gur dócha go mbeadh dúil agat iontu beirt i ndeireadh na dála, cé nach bhfuil siad saor.



Cén Sórt é? Meascra Ainmneacha ar Chineálacha Daoine, Tomás Ó Fiacháin, An Gúm, 2009.

Foilsíodh an leabhar seo tamall maith ó shin ach tá sé gló go fóill, agus ní fearr rud a dhéanfaimis ná focail an údair féin a úsáid mar chuntas air: 'Is ainmneacha iad a léiríonn pearsantacht agus aois duine, an chosúlacht fhisiceach a bhíonn orthu mar aon lena gcuid sainchomharthaí i sláinte agus easláinte, a gcuid nósanna, tréithe agus iompair'. Tá saibhreas iontach i nGaeilge i ngeall ar fhocail den saghas sin, focail nach bhfoghlaimeofa sa rang ach arbh éigean duit iad a thabhairt leat ó chaint nádúrtha an pharóiste - nó ón leabhar áisiúil seo. Má tá fiospéis agat i nádúr agus tréithe na teanga agus fonn ort aoibhneas a bhaint as dúchas stairiúil na Gaeilge, ceannaigh *Cén Sórt É?*.

¹ 'Lexicographical delight— Cathal Póirtéir on two Irish language thesauri rich in detail':

<https://booksirelandmagazine.com/irish-language-thesauri/>

https://booksirelandmagazine.com/irish-language-thesauri/?utm_source=newsletter&utm_medium=email&utm_campaign=F%C3%B3gra%C3%AD+do+scr%C3%ADbhneoir%C3%AD+an+Aontais&sender_ctype=email&sender_campaign=bomVgk&sender_customer=58D2Xnx

Tá breis is ceithre mhíle ceannfocal sa chnuasach. Deir an Fiachánach gur as leabhair a foilsíodh ó thús an chéid seo caite a baineadh an t-ábhar – as foclóirí, bailiúcháin focal a rinneadh sa Ghaeltacht, agus roinnt bheag leabhar eile a raibh ábhar oiriúnach iontu:

Na bailitheoirí a rinne na liostaí focal agus nathanna ar baineadh úsáid astu don leabhar seo, is trí dhul i gcomhairle le daoine sna ceantair Ghaeltachta, daoine arb í an Ghaeilge amháin a bhí ag a bhformhór, a d'éirigh leo míniú a fháil ar go leor de na hainmneacha.

Samplaí fánacha:

Duine a mbeadh ag sciolladh agus ag sclamhairt: *abhcóir, agóid, alfraits, badhbair, bearrthóir, cáinseach, clucheálaí, file...*

Duine plámásach bladrach: *Bladaire, blitsín, cluanaire, cluantóir, failpéir, gobadán, leadhbhálaí, líodóir...*

Duine geancach: *Geancachán, geancaide, geancán, geancog, smuilcín, smutachán.*

Beainín bheag: *Banóg, bideach, bréagán, bunbhean, circín, cleiteachán mná, eireog...*



Foclóir Seoltóireachta/Dictionary of Sailing, Fochoiste Seoltóireachta an Choiste Téarmaíochta, An Gúm, 2008.

Tá Éire lán de lochanna agus d'aibhneacha agus tá an fharraige ag rince ina timpeall. Fágann seo nach bhfuil téarmaíocht seoltóireachta agus loingseoireachta de dhíth ar an nGaeilge.

In *Adamnani Vita S. Columbae* ('Beatha Cholm Cille'), saothar Laidine de chuid an 7ú haois, luaitear 'longa fada' a bhí déanta d'adhmaid giúise agus d'adhmaid darach, agus coití agus curacha a thug adhmaid chun Oileán Í chun soithí a thógáil. Nuair a bhain na Lochlannaigh fúthu in Éirinn sa 9ú haois lean siad orthu ag déanamh a gcuid long féin agus thug siad roinnt focal don Ghaeilge (ancaire ó *akkeri*, scód ó *skaut* agus stiúir ó *stýri*, gan trácht ar fhocail eile). Bhí longa fada dá gcuid féin ag na taoisigh thiar anuas go dtí an 17ú haois, agus bhí iascaireacht á déanamh timpeall chósta na hÉireann riamh.

Sa réamhara cuireann Antain Mac Lochlainn, Cathaoirleach an Choiste Téarmaíochta, síos ar chruthú an leabhair. Bhunaigh an Coiste Téarmaíochta an Fochoiste Seoltóireachta in 1986 chun téarmaí dúchasacha a thaifeadh a bhain le báid, bádóireacht, saoirseacht, déanamh seolta, agus leis an bhfarraige féin. Idir na 1950idí agus na 1970idí bhí na seanbháid á bhfágáil i leataobh; ansin tháinig éileamh orthu arís mar bháid spóirt agus fóillíochta. Atógadh seanbháid agus tógadh báid nua. Chuaigh téarmaí áirithe i léig agus tháinig téarmaí eile chun cinn.

Chríochnaigh obair an Fhochoiste in 1989 agus an t-ábhar le cur in eagar. Ní raibh foireann ná acmhainní ar fáil ag an am, agus ní dhearnadh aon obair ar an mbailiúchán go dtí 2002. Faoin am sin bhí cúraimí an Choiste Téarmaíochta fágtha ar Fhoras na Gaeilge agus acmhainní ar fáil dá réir. As sin a tháinig an leabhar seo. Bhí sár-Ghaeilge thraidisiúnta ag baill an Fhochoiste (fir go léir, ar ndóigh) agus iad oile ar an ábhar. Tá fuaimint leis an leabhar dá bharr.

Is fiú an foclóir seo a úsáid in éineacht le 'Gluais de théarmaí seoltóireachta' ar an Vicipéid, alt a bhfuil réimse níos leithne aige agus a thugann míniú ar bhrí na dtéarmaí:

https://ga.wikipedia.org/wiki/Gluais_de_th%C3%A9arma%C3%AD_seolt%C3%B3ireachta



Tuairim an phobail

A survey commissioned by the Gaelic League reveals wide community support for more education through Irish.

Mar a chuir *Tuairisc* in iúl le déanaí, tá a lán daoine in Éirinn ar mhaith leo oideachas trí Ghaeilge a mhéadú.² De réir pobalbhreithe a rinne Ireland Thinks do Chonradh na Gaeilge, measann 53% de mhuintir na Poblachta gur cheart líon na ndaltaí a théann ar scoileanna lán-Ghaeilge a mhéadú ó 6.7% go 20%. Deir beagnach triúr as gach ceathrar (73%) gur chóir faille a bheith ag gach páiste gaelscoile le hoideachas lán-Ghaeilge a fháil ag an dara leibhéal. Dúirt beagnach leath an phobail ó dheas go gcuirfidís a gclann ar scoil lán-Ghaeilge ach a leithéid a bheith ar fáil.

I dtuarascáil a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais anuraidh, dúradh gur beag scoil lán-Ghaeilge a bhunófar feasta agus laghdú ar bhunú scoileanna i gcoitinne de thoradh athruithe déimeagrafacha. In 2020 ní dheachaigh ach 36% de na daltaí i ngaelscoileanna ar aghaidh go dtí coláiste lán-Ghaeilge. Ní hé go dtiocfaidh laghdú ar an éileamh ar ghaelscolaíocht, agus caithfidh an Roinn a toil a chur leis sin, luath nó mall.

I suirbhé eile a rinne Kantar Millward Browne do Chonradh na Gaeilge, dúirt 67% sa Phoblacht agus 52% sa Tuaisceart go bhféadfadh an Ghaeilge cuidiú le cur chun cinn na turasóireachta ar an oileán seo. Ní léir conas a dhéanfaí é sin, ós í labhairt an Bhéarla is mó a mheallann cuairteoirí agus a chuireann ar a suaimhneas iad. Is maith le turasóirí teanga aitheanta, cé gur comhartha difríochta í an Ghaeilge.



Brí na laethanta breithe

In the Book of Uí Mhaine, a 14th century manuscript with varied contents, we find a Middle-Irish account of the meaning (both good and bad) of birthdays according to the days of the week.

I lámhscríbhinní i gColáiste na Tríonóide agus in Acadamh Ríoga na hÉireann (Leabhar Uí Maine) tá téacs a chuireann síos ar na tréithe (idir olc agus mhaith) a bhaineann leis an té a bheirt ar laethanta éagsúla na seachtaine. Tá an bunleagan Meán-Ghaeilge le fáil anseo: <https://celt.ucc.ie/published/G602001/index.html>. Seo leagan athchóirithe.

Neach a ghintear Dé Domhnaigh, beidh sé fadsaolach, is sona a bheatha, beidh saibhreas sa domhan aige, beidh sé suairc i gcuideachta ríthe agus aircheannach, is mór a chumhacht, a leas ina lámha dó.

Neach a ghintear Dé Luain, is maith a mbeidh aige de bheithígh, beidh ainimh ar a ghnúis, ní bheidh sé an-ghéar, beidh sé fial, is iomaí céile Dé a bheidh ag gabháil a éagnairce, agus déanfaidh sé aithrí roimh a bhás.

Neach a ghintear Dé Máirt, báfar é, is maith a mbeidh aige de mhionbheithígh, ní tréan a chumhacht, beidh sé suairc i gcuideachta ban agus cúnna.

Neach a ghintear Dé Céadaoin, beidh ainimh ar a chorp, gheobhaidh sé bás crólinnteach, is nimhneach a urlabhra, beidh sé mailiseach, beidh sé tréan gabhálach, déanfaidh sé gníomh duairc roimh a bhás.

Neach a ghintear Déardaoin, gheobhaidh sé bás san fheascar le fanntais nó le bíogadh, beidh sé fadsaolach, beidh sé carthanach, beidh sé clannmhar, cibé ceird atá aige déanfaidh sé go maith í, beidh maith ann, beidh sé cruá.

Neach a ghintear Dé hAoine, gheobhaidh sé bás aithri, beidh sé santach, beidh iomad óir agus airgid aige, fóinfidh a mhuintir agus a chineál dó, beidh sé fuilteach, beidh sé somhaoineach le moladh na ndaoine.

² <https://tuairisc.ie/nach-mor-75-de-dhaoine-den-tuairim-gur-cheart-iar-bhunscoil-lan-ghaeilge-a-bheith-ar-fail-do-gach-paiste-gaelscoile-pobalbhreith/>
<https://tuairisc.ie/os-cionn-leath-den-phobal-ar-son-20-de-phaisti-a-bheith-ag-freastal-ar-ghaelscoileanna-pobalbhreith/>

Neach a ghintear Dé Sathairn, béarfaidh loscadh agus broinngalar leo é, is mór a mhaorgacht, beidh sé míghníomhach, beidh sé nimhneach, beidh sé fionáiolach, déanfaidh sé argain, beidh díolúnas beatha aige.



Foraoisí san Eoraip

In Ireland and on the continent the fate of forests is of concern. Irish indigenous forests need to be restored; the ancient Carpathian forests of central Europe are under threat.

Rud diamhair draíochtúil is ea foraois dhúchasach. In Éirinn níl fágtha ach an chuid is lú de na seancoillte. I lár na hEorpa tá an tsaint ag leagan na gcoillte ársa.

Crainn neamhdhúchasacha atá sa chuid is mó d'fhoraoisí na hÉireann anois. Saothraítear sprúis Sitka go coitianta agus leagtar iad d'aon iarraidh. Fágann sin fásach nó go gcuirtear foraois thráchtála nua.

Anois tá an Nature Trust ag ceannach talaimh chun coillte dúchasacha a athchur. Táthar ag iarraidh 600 heicteár a fháil chuige. I gContae an Chláir tá an tionscadal sóisialta Hometree chun dul i gcomhar le feirmeoirí chun 4,000 acra de sheancoillte a athchur agus a chaomhnú. Tá grúpa eile sa Chlár, The Woodland League, ag iarraidh giotaí de sheancoillte a chosaint agus a cheangal le chéile de réir pleán atá acu, Athshamlú Choill Mhór Uchtaí. Bhí an choill sin le fáil fadó i Sléibhte Uchtaí in oirthear an Chláir agus i ndeisceart na Gaillimhe.



Coill crann iúir i gCill Áirne
Wikimedia Commons

Scéal eile is ea na foraoisí ar Shléibhte Cairp. Roinnt sléibhte difriúla atá i gceist, an t-iomlán 1,500 ciliméadar ar fad agus in ainm is a bheith an-chaomhnaithe. Tá na raonta seo ag rith trí ocht dtír: a leath le fáil sa Rómáin agus an chuid eile sa tSlováic, an Pholainn, an Úcráin, an Ungáir, an tSeirb, Poblacht na Seice agus an Ostair. Tá buabhaill ann, lincsí, faolchúnna, fiachait, agus a lán cineálacha éan, amhail ulchabháin na hÚraile.

Sa Pholainn ní bheadh níos mó ná 3% de na sléibhte seo fíorchaomhnaithe. Is le gníomhaireacht stáit an chuid is mó de na foraoisí agus í freagrach as iad a chaomhnú, ach tá sí freagrach as iad a leagan chomh maith: faigheann sí brabach an-mhór as adhmaid a dhíol. Is beag an bac ar dhaoine chrainn a leagan go mídhleathach, agus ní cheadaíonn na húdaráis áitiúla páirceanna náisiúnta nua a chur bun. Dá ainneoin sin agus neamhshuim an chuid is mó den phobal, tá grúpaí ann a dhéanann agóid agus a dhéanann an lománaíocht a bhacadh.

Sa tSlováic atá an dara cuid is mó de Shléibhte Cairp tar éis na Romáine. Tá 40% di caomhnaithe, más ea; ach tá formhór na bhforaoisí leagtha.



Sléibhte Bihor sa Rómáin
Wikimedia Commons

Sa Rómáin féin tá an tríú cuid den tír faoi chrainn, ach tá an t-uafás crann á leagan mar bhreosla áitiúil nó chun an t-adhmad a chur thar lear. Is dócha go bhfuil an tríú cuid de na crainn sin á leagan in aghaidh an dlí. Bhí neart oifigeach cam riamh sa roinn foraoiseachta agus iad féin agus grúpaí coirpeach ag obair as lámha a chéile, mar a thaispéain roinnt scannal mór a tugadh chun solais le blianta beaga anuas. Ach tá dream níos óige agus níos ionraice ag teacht chun cinn agus tá an rialtas chun faire a dhéanamh le saithilítí, dróin agus eitleáin. Mar sin féin, rinneadh ionsaí ar ghníomhaithe agus ar mhaoir foraoise, agus maraíodh cúpla duine acu.

Is deacair an tsaint agus an neamhaird a sháru, ach ní mór é a dhéanamh. Taisce sárluachmhar na coillte dúchasacha, is cuma cá bhfuil siad.

Féach:

<https://www.irishtimes.com/life-style/2023/07/21/restoring-the-great-woods-of-aughty-reminds-us-of-the-profound-importance-of-our-ancient-forests/>

'The fight to save "sacred" Carpathian forests from loggers,' Ionut Iordachescu, Janek Skarzynski, AFP.



Ón Úcráin: tugann saighdiúir ó Éirinn cuntas beoga scanrúil ar ruathar tainc.

https://www.youtube.com/watch?v=9J_wBx-FBcc

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Filíocht le Colin Ryan. (Dánta dá chuid foilsithe in *Corraí na Nathrach*, Coiscéim 2017, agus *Rogha*, Coiscéim 2022.)

Míniú

An tsráid faoi dhoimhneacht
an aeir
ceol pianó
ag caint leis féin
i seomra
nóta ar nóta
an neamh-mhíniú
á mhíniú féin

Fiach

An liathróid caite
is an madra á fiach
ó dhomhan go domhan
is á tabhairt ar ais
ag filleadh faoi dheireadh
ar eachtrannach